AN COISTE COMHAIRLEACH NÁISIÚNTA UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

NATIONAL TRAVELLER ACCOMMODATION CONSULTATIVE COMMITTEE

Tuarascáil Bhliantúil 2008

National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: (01) 888 2121
Lóghlao: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
email: ntacc@environ.ie

Gort an Chaocháin, Muineacháin

Clár

1.	**Focal ón gCathaoirleach**	**4**
2.	**Eolas Ginearálta**	**6**
	Bunú	6
	Téarmaí Tagartha	6
	Comhaltaí an Choiste	6
	Tuarascáil Bhliantúil an Choiste	7
	Cruinnithe	7
3.	**Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí**	**9**
	Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil	9
	Ról comhlachtaí deonacha ó thaobh soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil	10
	Soláthar leictreachais chuig láithreáin stad	10
	Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2008	11
	Easpa Cónaithe i measc an Lucht Siúil	12
	Taighde maidir leis na baic i gcoinne soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil	13
	Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan	14
	Grúpa Oibre Comhairleach	14
	Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil	15
4.	**Airgeadas**	**17**
5.	**Aguisíní**	**19**
	Aguisín I Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2008	24
	Aguisín II Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil sa bhliain 2008	24

Focal ón gCathaoirleach

Is mór an onóir dom an deichiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Seirbhísí Áitiúla. Is muide an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a ceapadh faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, agus is í an bhliain 2008, an dara bliain againn i mbun oifige, atá faoi chaibidil, de réir an Achta, sa tuarascáil seo. Ba í seo an bhliain dheireanach chomh maith de na cláir chóiríochta ceithre bliana don Lucht Siúil arna nglacadh ag údaráis áitiúla sa bhliain 2005 faoi Acht na bliana 1998.

Chairperson –
Séamus Ó Cinnéide

Thionóil an Coiste clár iomlán cruinnithe sa bhliain 2008. Chuamar ar chuairteanna chomh maith chuig dhá údarás áitiúla, Áth Cliath Theas agus Loch Garman, mar ar thugamar cuairt ar raon de shainchóiríocht don Lucht Siúil agus mar ar chasamar le hoifigigh údaráis áitiúil, comhaltaí údaráis áitiúil agus daoine áitiúla den Lucht Siúil. Tuigeadh dúinn an athuair a thábhachtaí is atá na cuairteanna seo ar údaráis áitiúla ó thaobh eolas a chur ar fáil don Choiste faoin bhforás agus faoi na fadhbanna atá ann go díreach.

Thionóil an Coiste dhá sheimineár sa bhliain 2008 chomh maith do chomhaltaí na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil – ceann i mBaile Átha Luain agus ceann i nDurlas. Chuir Grúpa Oibre Comhairleach an Choiste treoirlínte comhairliúcháin i dtoll a chéile a eisíodh ar gach údarás áitiúil. Tugtar tuairiscí níos mionsonraithe faoi na seimineáir agus na treoirlínte comhairliúcháin i mír a trí den tuarascáil seo.

Bhí na saincheisteanna seo a leanas i measc an raoin leathain de shaincheisteanna éagsúla a pléadh ag cruinnithe an Choiste – easpa cónaithe i measc an Lucht Siúil, a mhéid is a d'fhéadfaí ról na gcomhlachtaí deonacha a leathnú maidir le cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil, An Scéim Cóiríochta ar Cíos, an tríú babhta de chláir chóiríochta na n-údarás áitiúil don Lucht Siúil, agus soláthar leictreachais do shainchóiríocht don Lucht Siúil.

Choimisiúnaigh muid taighdeoir neamhspleách chun suirbhé a dhéanamh ar údaráis áitiúla maidir leis na baic atá rompu ó thaobh cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil, agus cuirfear tuairisc ar an ábhar seo faoi bhráid an Choiste sa bhliain 2009.

Tharla ardú i ndaonra theaghlaigh an Lucht Siúil sa stát, arna áireamh sa Chomhaireamh Bliantúil, faoi 299 sa bhliain 2008 agus is ionann agus 8,398 teaghlach an daonra faoi láthair. Laghdaigh an céatadán bliantúil den ardú i líon na dteaghlach den Lucht Siúil (arbh ionann é agus breis is 5% sa bhliain 2006 agus 2007) go 3.7% sa bhliain 2008 agus is gá monatóireacht ghéar a dhéanamh ar an treocht seo sna blianta seo chugainn. D'ainneoin an ardaithe sa líon foriomlán teaghlach den Lucht Siúil tháinig laghdú ó 594 sa bhliain 2007 go 524 sa bhliain 2008 ar an líon teaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe. Tharla laghdú sa líon teaghlach a bhí ag roinnt tithíochta chomh maith ó 437 sa bhliain 2007 go 345 sa bhliain 2008 sa chás seo. Cé gur chóir fáilte a chur roimh na treochtaí seo tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh na húdaráis áitiúla gach iarracht an líon teaghlach ar láithreáin neamhúdaraithe nó a bhíonn ag roinnt cóiríocht róphlódaithe a laghdú a thuilleadh.

Taispeánann na staitisticí gur tháinig méadú beag go 5,500 teaghlach sa bhliain 2008 ar an líon teaghlach den Lucht Siúil a raibh cóiríocht nó cúnamh á bhfáil acu ó údaráis áitiúla. Tháinig ardú beag ar an líon teaghlach ar cuireadh cóiríocht orthu faoi scéimeanna grúpthithíochta agus tharla laghdú sa líon teaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin stad faoi 9% ón mbliain 2007 go 2008. Níor tháinig athrú ar an líon teaghlach ar cuireadh cóiríocht orthu i dtithe príobháideacha le cúnamh ó údaráis áitiúla agus d'fhan a líon ag 444 agus tháinig ardú beag ó 104 sa bhliain 2007 go 119 sa bhliain 2008 ar an líon teaghlach i dtithíocht dheonach le cúnamh arís eile ó údaráis áitiúla.

Ba í an chóiríocht phríobháideach ar cíos an cineál cóiríochta ba mhó ar tháinig ardú uirthi: tharla ardú tréan sa chineál sin cóiríochta le linn théarma an dara babhta de na cláir chóiríochta don Lucht Siúil. Measadh gur 486 an líon teaghlach a bhí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos i mí na Samhna 2004 sular glacadh an dara babhta seo de na cláir sa bhliain 2005. Ceithre bliana ar aghaidh, i mí na Samhna 2008, bhí ardú go 1,516 teaghlach tagtha ar an líon measta sin. Is léir gur mó de theacht atá ag teaghlaigh den Lucht Siúil ar mhargadh na cóiríochta príobháidí ar cíos agus is mó an úsáid atá á baint ag údaráis áitiúla as. Cé gur iomaí teaghlach den Lucht Siúil a bhfuil leas á bhaint acu as an bhforlíonadh

cíosa, is mó ná riamh an líon díobh a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil dóibh sa chóiríocht phríobháideach ar cíos agus a bhfuil leas á bhaint acu as an Scéim Cóiríochta ar Cíos gur rogha níos daingne agus níos fadtéarmaí í.

Is mian liomsa, agus mé i mo Chathaoirleach ar an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, mo bhuíochas a chur in iúl as an gcabhair agus an tacaíocht a thug daoine aonair agus eagraíochtaí éagsúla don Choiste, cabhair agus tacaíocht ar a mbraitheann an Coiste le go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbeirt Aire do Thithíocht, Athnuachan Uirbeach agus Limistéir i mBéal Forbartha a bhí in oifig le linn 2008, an tUasal Batt O'Keefe, T.D. agus an tUasal Michael Finneran T.D., a thug an-tacaíocht d'obair an Choiste. Chuir foireann an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil seirbhísí éifeachtacha rúnaíochta, riaracháin agus tacaíochta ar fáil don Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil agus réitigh siad go pras, go cuimsitheach agus go gairmiúil na hiarrataí go léir a bhí déanta againn. Chuir foireann Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Loch Garman fáilte Uí Cheallaigh roimh na cuairteanna ón gCoiste agus dhéileáil siad linn go héifeachtach. Ba mhaith liom thar ceann an tríú Coiste mo bhuíochas a ghlacadh leosan a luadh anseo agus leo siúd go léir a chabhraigh leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil feidhmiú go héifeachtach le linn 2008.

Mar fhocal scoir ar mo shon féin agus ar son chomhaltaí eile an Choiste ba mhaith liom mo chomhbhrón ó chroí a chur in iúl faoi bhás duine dár gcomhghleacaithe, An Comhairleoir Veronica Sharkey as an gCabhán a bhásaigh i mBealtaine na bliana 2008. R.I.P. Ba léir gairmiúlacht agus dea-mhéin an Chomhairleora Sharkey ina cuid oibre ar an gCoiste agus airímid uainn go mór í. Ar dheis Dé go raibh a hanam.



Séamus Ó Cinnéide
Cathaoirleach

Eolas Ginearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar bhonn reachtúil ar an 29 Aibreán 1999 faoi alt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Ceapadh an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar an 31 Eanáir 2007 agus rachaidh a théarma oifige in éag ar an 30 Eanáir 2010.

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an Choiste:-

Comhairle a thabhairt don Aire

- i ndáil le haon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil;
- i ndáil le haon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;
- i ndáil leis na bearta is mó is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an Lucht Siúil agus rannpháirteachas an Lucht Siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistiú;
- i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Comhaltaí an Choiste

An tOllamh Séamus Ó Cinnéide	Cathaoirleach
An tUas. Martin Collins	Ionad Pavee Point don Lucht Siúil
An Comh. Emer Costello	Cumann Comhairlí Contae is Cathrach
An tUas. Jim Ganley	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUas. Joe Horan	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
Maria Joyce, Uas.	Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil
Jackie Maguire Uas.	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
Rose Marie Maughan Uas.[1]	Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
An Comh. Patricia McCarthy[2]	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
Mary McDonnell Uas.[3]	Ainmní an Aire
An tUas. Séamus O'Connor	Ainmní an Aire

An Comh. Veronica Sharkey[4] An tUas. Brendan Sheehy	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
An tUas. Eugene J. Doyle	Rúnaí an Choiste (go dtí an 20ú Feabhra 2008)
An tUas. Cathal Comey	Rúnaí an Choiste (ón 12ú Márta 2008)

1 D'éirigh Marie Maughan, Uas., as an gCoiste ar an 01 Nollaig 2008. Ní raibh an folúntas a cruthaíodh de bharr an éirí as líonta faoin 31 Nollaig 2008.

2 Ceapadh an Comh. McCarthy ar an gCoiste ar an 15ú Deireadh Fómhair 2008 chun an folúntas a cruthaíodh de bharr bás an Chomhairleora Veronica Sharkey a líonadh.

3 Ceapadh Ms McDonnell ar an gCoiste ar an 06 Lúnasa 2008 chun an folúntas a cruthaíodh de bharr gur éirigh an tUas. Aidan Brannigan as i nDeireadh Fómhair 2007 a líonadh.

4 Bhásaigh an Comhairleoir Sharkey ar an 13ú Bealtaine 2008.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Ordaíonn Alt 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 go ndéanfaidh an Coiste tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach maidir lena ghníomhaíochtaí agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid dá Theach an Oireachtais. Is í an tréimhse idir an 01 Eanáir 2008 agus an 31 Nollaig 2008 a chlúdaítear sa Tuarascáil seo.

Cruinnithe

Tionóladh sé chruinniú Coiste den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil idir 01 Eanáir agus 31 Nollaig 2008.

Is é seo a leanas an líon cruinnithe de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar ar fhreastail gach comhalta Coiste le linn 2008: An tOllamh Ó Cinnéide (6), An tUas. Collins (4), An Comh. Costello (1), An tUas. Ganley (6), An tUasal Horan (6), Ms Joyce (5), Ms Maguire (6), Ms Maughan (4), An Comh. McCarthy (1), Ms McDonnell (1), An tUas. O'Connor (6), An Comh. Sharkey R.I.P (1), An tUas. Sheehy (6).

Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí

1. Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil

Chinn an dara Coiste, sa bhliain 2005, seimineáir náisiúnta a thionól maidir le feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil. Lean an Coiste ar aghaidh le cuid den obair ullmhúcháin ag a chruinnithe le linn 2006 ach níorbh fhéidir seimineáir a thionól sula ndeachaigh téarma oifige an dara Coiste in éag. Lean an tríú Coiste, ós gur aithin siad tábhacht an tionscnaimh seo, leis an obair ullmhúcháin maidir leis sin a d'fhág gur tionóladh dhá sheimineár rathúla ar an 27ú Bealtaine 2008 i mBaile Átha Luain agus ar an 29ú Bealtaine 2008 i nDurlas.

Thug an Coiste cuireadh do gach údarás áitiúil ionadaithe óna gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur chuig na seimineáir. Iarradh ar údaráis áitiúla a mholadh do Chathaoirleach an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, daoine den Lucht Siúil, comhaltaí de ghrúpaí ionadaíocha den Lucht Siúil, oifigigh an údaráis áitiúla, agus comhaltaí tofa a bheith i láthair ag na seimineáir. B'imeachtaí lae an dá sheimineár agus rinneadh cur i láthair ar maidin agus eagraíodh grúpaí ceardlainne sa tráthnóna. D'fhreastail isteach agus amach le 200 comhalta den Choiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus oifigigh údaráis áitiúil ar cheann den dá sheimineár agus ba mhaith an ionadaíocht a rinneadh ar na réimsí go léir de chomhaltas na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil.

Rinneadh cur i láthair ó thaobh údaráis áitiúil agus ó thaobh an Lucht Siúil de ag gach seimineár. Rinne oifigigh as Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Thiobraid Árann Theas, na hIarmhí agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe cur i láthair. Tugadh breac-chuntas sa chur i láthair ar dhea-scéalta agus ar na deacrachtaí a bhíonn ag údaráis áitiúla i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe araon ó thaobh cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil. Tugadh mionsonraí faoi mhodh oibre an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil i ngach údarás áitiúil chomh maith agus mhol Comhairle Contae Átha Cliath Theas go háirithe an cur chuige idirghníomhaireachtaí go mór ó thaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna an Lucht Siúil.

Dhírigh an cur i láthair a rinne na baill den Lucht Siúil atá ar an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus i nGluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann ar an taithí a bhí ag an Lucht Siúil ar oibriú an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus ar shaincheisteanna níos leithne a bhaineann le soláthar cóiríochta. Mhol Bernard Joyce an cur

chuige idirghníomhaireachtaí arís eile agus rinne sé an pointe gur ghá d'údaráis áitiúla agus don Lucht Siúil oibriú as lámha a chéile i gcomhpháirtíocht dháiríre chun an chóiríocht agus saincheisteanna eile a chuireann isteach ar an Lucht Siúil a thabhairt chun cinn. Labhair Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann faoi na gnéithe deimhneacha agus diúltacha atá sa Straitéis Náisiúnta Cóiríochta don Lucht Siúil agus ar an oiread is atá fágtha le déanamh ó thaobh cóiríocht chuí a sholáthar don Lucht Siúil. Rinneadh roinnt moltaí chomh maith maidir le hoibriú an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil.

Tugadh breac-chuntas sa chur i láthair a rinne an Roinn ar an aschur faoi na cláir chóiríochta don Lucht Siúil. Cuireadh síos go mion chomh maith ar ról na Roinne, na n-údarás áitiúil, agus an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil ó thaobh cóiríocht a sholáthar agus ar thábhacht na struchtúr idirghníomhaireachtaí. Soláthraíodh mionsonraí faoin scála ama maidir le hullmhú agus glacadh an tríú babhta de na cláir chóiríochta agus ardaíodh an cheist go mbeadh sé tábhachtach na cuspóirí STUAMA a áireamh sna cláir.

Dhírigh na seisiúin cheardlainne sa tráthnóna ar na baic atá i gcoinne fhorfheidhmiú na gclár cóiríochta, ar bhealaí chun na baic sin a shárú, agus moltaí chun an chéad bhabhta eile de na cláir chóiríochta don Lucht Siúil a fheabhsú. Babhtáladh tuairimí maidir leis an mbealach ina bhféadfaí an soláthar cóiríochta a fheabhsú, na deacrachtaí a bhainfeadh leis, agus an bealach a d'fheidhmigh na Coistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil in údaráis áitiúla éagsúla sna pléite sin. Airíonn an Coiste gurbh fhiú go mór na seimineáir seo chun na húdaráis áitiúla a chur ar an eolas faoi fhorbairtí agus faoi shamplaí dea-chleachtais in údaráis áitiúla eile. D'fhéadfadh go n-eagródh an Coiste seimineáir do Chathaoirligh na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil a bunaíodh tar éis na dtoghchán áitiúil i lár na bliana 2009.

2. Ról comhlachtaí deonacha ó thaobh soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil

De réir na dtaifead i gcomhaireamh na Samhna 2008 bhí 119 teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht a chuir comhlachtaí deonacha ar fáil. Bhí béim ag an gCoiste ar an bpointe nach scaoilfí na húdaráis áitiúla óna ndualgas i leith na spriocanna a bhí leagtha síos acu ina gcláir chóiríochta mar gheall ar aon ardú ar chóiríocht tríd an bhfoinse seo. Bhronn an Roinn maoiniú ar Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann chun tionscadal taighde a dhéanamh ar

a inmharthana is a bheadh sé comhlacht deonach cóiríochta a bhunú a mbeadh daoine den Lucht Siúil á stiúradh. Táthar ag súil le tuairisc ó Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann ar an gceist i lár 2009.

3. Soláthar leictreachais chuig láithreáin stad

Ardaíodh na deacrachtaí a bhaineann leis an soláthar leictreachais chuig láithreáin stad ag líon áirithe cruinnithe de chuid an Choiste dheiridh agus an Choiste reatha. Is í an tsaincheist is conspóidí d'fhormhór na ngrúpaí den Lucht Siúil nach bhfuil a méadar féin ag formhór na gcónaitheoirí ar na láithreáin stad agus dá bhrí sin nach bhfuil caidreamh díreach acu le BSL. Airíonn go leor daoine go gciallaíonn sé sin go gcaitear le Lucht Siúil atá ina gcónaí ar láithreáin stad ar bhealach difriúil seachas mar a chaitear leis na custaiméirí eile go léir agus nach bhfaigheann siad an caighdeán céanna seirbhíse ó thaobh soláthar a chothabháil nó a athchóiriú i gcás go gcliseann an leictreachas. Rinneadh teagmháil le hoifigigh shinsearacha in ESB Networks go luath sa bhliain 2008 agus chuir siadsan triúr ionadaí chuig cruinniú mhí Aibreáin den Choiste chun na príomh-shaincheisteanna a phlé.

Rinne ESB Networks cur i láthair don Choiste ar líon áirithe saincheisteanna, *inter alia*, an beartas maidir le ceangail nua agus le méadrú, an difríocht idir méadrú aonair agus méadrú láraithe, agus saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le bearnú agus rólódáil. Deir ESB Networks nár mhór ceangail bhuana uisce agus séarachais a bheith in áitreabh ar bith sula measfaí go gcáileofaí é dá sholáthar agus dá mhéadar féin agus gurb í sin an t-aon chúis nach raibh méadair aonair ar láithreáin stad. Luadh go soiléir nach raibh sé beartaithe an beartas seo a athrú, beartas a bhfuil feidhm aige maidir leis na háitribh go léir atá gan cheangail bhuana uisce agus séarachais agus beartas nach le láithreáin stad an Lucht Siúil amháin atá feidhm aige. B'fhéidir gurb é is cóir a dhéanamh go soláthródh údaráis áitiúla na ceangail bhuana riachtanacha uisce agus séarachais ar na láithreáin bhuana stad. Tá cónaitheoirí ar na láithreáin seo le fada fada an lá agus bhí a sinsir rompu ann i roinnt cásanna, agus ba chóir na saoráidí cuí is gá i gcomhair áitreabh fadtéarmach cónaithe a sholáthar dóibh.

Íocann formhór an Lucht Siúil ar láithreáin stad as leictreachas trí chártaí réamhíoctha a úsáid. D'ardaigh an Coiste roinnt ceisteanna maidir le costas an leictreachais tríd an modh íocaíochta seo agus deir BSL arís eile nár bhain idirdhealú ar bith leis an modh íocaíochta sin. Gearrtar an ráta céanna leictreachais ar gach custaiméir agus is iad na húdaráis áitiúla a ghearrann táillí breise, más ann dóibh, agus is leosan a bhaineann an cheist sin. Bhain

na deacrachtaí le cártaí leictreachais a cheannach taobh amuigh d'uaireanta oifige agus ba cheist do na húdaráis áitiúla chomh maith, a dúradh, an líon asraonta a dhíolann na cártaí sin agus is ceist í nach bhfuil smacht ag BSL uirthi. B'fhéidir go molfadh an Coiste roinnt beart chun na deacrachtaí a eascraíonn as cártaí leictreachais a bheith ar fáil a mhaolú.

4. Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2008

8,398 teaghlach den Lucht Siúil a measadh a bhí sa Stát nuair a rinneadh an comhaireamh bliantúil ar theaghlaigh den Lucht Siúil i mí na Samhna 2008. Cé gur ardú 3.7% (ardú 299) a bhí anseo ar an líon teaghlach den sórt a áiríodh sa bhliain 2007, bhí an ráta ardaithe le blianta beaga anuas i bhfad os cionn 5% agus ba léir laghdú ar an ráta sin sa bhliain 2008. Ar ndóigh tá sé i bhfad róluath le treochtaí a aithint maidir leis seo ach is treocht í ar chóir monatóireacht ghéar a dhéanamh uirthi amach anseo.

Lean an t-ardú a bhí ag teacht (ardú 140 ón mbliain 2007 i leith go 3,211 teaghlach faoi dheireadh 2008) ar an líon teaghlach den Lucht Siúil a bhí i ngnáth-thithíocht údaráis áitiúil. Is léir gurb í an chatagóir seo an rogha cóiríochta is coitianta a roghnaítear (Féach Tábla 1, leathanach 16, thíos le do thoil). Ba 5,500 teaghlach san iomlán, ardú 64 ar fhigiúirí na bliana 2007, a bhí i gcóiríocht a chuir údaráis áitiúla ar fáil nó a raibh cúnamh á bhfáil acu ó údaráis áitiúla sa bhliain 2008. I ndiaidh treocht na bliana 2006 agus na bliana 2007 in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos a bhí an t-ardú ba mhó de réir an taifeadta a rinneadh ar an rogha cóiríochta sa bhliain 2008, ardú eile faoi 373 go 1,516 teaghlach. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil sé sin ag tarlú de bharr an ráta níos moille soláthair de ghnáth-thithíocht údaráis áitiúil agus de shainchóiríocht don Lucht Siúil i roinnt limistéar.

Cuireadh tús leis an mbabhta reatha de na cláir chóiríochta don Lucht Siúil de chuid na n-údarás áitiúil ar an 1chd Eanáir 2005. Díreach roimhe sin i mí na Samhna 2004 measadh ó chomhaireamh Bliantúil na bliana 2004 gur 486 teaghlach (6.95%) a bhí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos. Is ionann an líon measta reatha de theaghlaigh atá i gcóiríocht phríobháideach ar cíos ag 1,516 (18.05%) agus ardú suntasach sa líon teaghlach sa chineál cóiríochta seo le linn théarma an dara babhta de na cláir chóiríochta don Lucht Siúil. Is léir gur mó an fháilte atá roimh thionóntaí den Lucht Siúil i margadh na cóiríochta príobháidí ar cíos agus is mó an úsáid atá á baint ag údaráis áitiúla as. Is cineál cóiríochta sách sábháilte í an Scéim Cóiríochta ar Cíos agus is cosúil go bhfuil ardú ag teacht ar líon an Lucht Siúil sa Scéim Cóiríochta ar Cíos d'ainneoin nach bhfuil sonraí diongbháilte ar fáil. Ní bhíonn an

tsábháilteacht chéanna ag gabháil do theaghlaigh a fhaigheann cóiríocht le cúnamh forlíonadh cíosa. Ar ndóigh fágtar teaghlaigh a bhíonn i gcóiríocht phríobháideach ar cíos ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil agus tairgtear cóiríocht bhuan dóibh de réir na scéime tosaíochta ligin. Tugadh arduithe níos lú faoi deara i gcatagóirí eile cóiríochta a taifeadadh sa bhliain 2008 cosúil le grúpthithíocht (ardú 14 go 691 teaghlach) agus líon na dteaghlach a mheastar a bhí i gcóiríocht a soláthraíodh as a n-acmhainní féin (ardú 24 go 513 teaghlach).

Forbairt thábhachtach eile i gComhaireamh Bliantúil 2008 ab ea an laghdú substaintiúil sa líon teaghlach a raibh cóiríocht á roinnt eatarthu. Laghdaigh an líon teaghlach a taifeadadh a raibh tithíocht á roinnt eatarthu faoi 92 go 345 teaghlach agus laghdaigh an líon teaghlach a raibh cuasa buana, bunúsacha agus neamhbhuana á roinnt eatarthu faoi 76 go 154 teaghlach. Ba mhór an fháilte a cuireadh roimh an laghdú sna figiúirí sin ó tharla an t-ardú a tháinig ar an líon teaghlach a raibh cóiríocht á roinnt eatarthu sa bhliain 2007. Gach seans gurb é an t-ardú suntasach sa chóiríocht phríobháideach ar cíos ba chúis, i bpáirt, leis an laghdú sin de réir mar atá breactha síos thíos. Ach oiread leis an líon teaghlach ar láithreáin neamhúdaraithe is réimse tosaíochta fós an líon teaghlach a bhfuil cóiríocht á roinnt eatarthu a laghdú chun deireadh a chur le droch-choinníollacha maireachtála.

Mar a tugadh faoi deara cheana féin tháinig laghdú ar an líon teaghlach a raibh cónaí orthu ar láithreáin stad gach bliain ón mbliain 2003 i leith. Tháinig laghdú faoi 27 teaghlach go 574 teaghlach ar an líon teaghlach a raibh cónaí orthu ar chuasa ar láithreáin bhuana stad sa bhliain 2008. Ní dhearnadh taighde mionsonraithe ar chúiseanna an laghdaithe leanúnaigh seo ach glactar leis go bhfuil cineálacha eile cóiríochta á roghnú ag roinnt mhaith teaghlach.

Aisíocadh €35 milliún glan le húdaráis áitiúla sa bhliain 2008 i dtaca le caiteachas caipitil ar shainchóiríocht don Lucht Siúil.

5. Easpa Cónaithe i measc an Lucht Siúil

Rinne Sinéad Smyth as Pavee Point cur i láthair don Choiste ag cruinniú coiste mhí Mhárta ós go raibh saothar taighde ar scóip na faidhbe easpa cónaithe i measc an Lucht Siúil déanta aici. Phléigh an Coiste an tsaincheist seo agus b'ábhar iontais do go leor comhaltaí a fháil amach gur daoine gan dídean líon áirithe de bhaill an Lucht Siúil ó tharla nár ardaíodh fadhb na

heaspa cónaithe i measc an Lucht Siúil roimhe seo mar shaincheist shuntasach. Ach oiread le roinnt mhaith daoine gan dídean b'fhachtóir í an mhí-úsáid drugaí in go leor cásanna agus léiríodh chomh maith go bhféadfadh gur foréigean inscne ba chúis léi i roinnt imthosca.

De bhun an chur chuige thug an Coiste cuireadh do chomhalta d'Aonad na Roinne do Dhaoine gan Dídean a bheith i láthair ag cruinniú mhí na Samhna den Choiste. Dheimhnigh an tAonad do Dhaoine gan Dídean don Choiste go bhfuair na daoine gan dídean go léir an tseirbhís dhíreach chéanna agus nach bac ar na seirbhísí sin a fháil duine a bheith ina dhuine den Lucht Siúil. Ba chosúil go raibh leas á bhaint ag daoine den Lucht Siúil as na seirbhísí ach nach raibh sé á chur ar taifead gur dhaoine den Lucht Siúil iad. Tá an tAonad do Dhaoine gan Dídean i mbun oibre faoi láthair, i gcomhar le comhlachtaí eile, ar chóras ríomhairithe chun úsáideoirí uile na seirbhísí do dhaoine gan dídean a rianú agus cheistigh siad cibé ar chóir aitheantóir don Lucht Siúil a chur isteach ag céim an deartha. Thacaigh an Coiste leis an smaoineamh seo agus ba chóir go bhféadfaí faisnéis níos fearr a fháil as sa todhchaí. Mhol an Coiste chomh maith go mbeadh caidreamh níos dlúithe idir fóraim an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus fóraim áitiúla do dhaoine gan dídean tráth a mbeidh pleananna gníomhaíochta áitiúla do dhaoine gan dídean á bhforfheidhmiú.

6. Taighde maidir leis na baic i gcoinne soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil

Ba chás leis an gCoiste le tamall anuas an easpa faisnéise atá ann ó thaobh na baic atá roimh údaráis áitiúla cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil a aithint. Bhunaigh líon áirithe ball lena n-áirítear an Cathaoirleach grúpa beag chun tús a chur le tionscadal taighde sa réimse seo. Chuir an grúpa seo ceistneoir i dtoll a chéile sa bhliain 2008 chun é a scaipeadh ar gach údarás áitiúil. Faoi dheireadh na bliana 2008 cuireadh bailchríoch ar an dréacht deiridh den cheistneoir seo agus cuireadh tús le próiseas tairisceana chun taighdeoir a fháil ar conradh chun an taighde seo a dhéanamh. Tá an Coiste ag súil go mbeadh tuairisc le fáil ón taighdeoir faoi lár na bliana 2009.

7. Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan

Bunaíodh an grúpa oibre seo le linn théarma oifige an dara Coiste chun roghanna de chóiríocht neamhbhuan a mheas. Bunaíodh grúpa nua oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan ag an gcéad chruinniú den Choiste reatha agus tá siad ag leanúint ar aghaidh leis an obair a bhí idir lámha sa réimse seo ag

an ngrúpa oibre a bhí ann roimhe. Bhreathnaigh an grúpa oibre sa bhliain 2008 ar ócáidí móra a mheallann sluaite móra de theaghlaigh neamhbhuana an Lucht Siúil. Chuathas i dteagmháil le húdaráis áitiúla ábhartha agus le grúpaí áitiúla den Lucht Siúil chun na saoráidí, más ann dóibh, a chuirtear ar fáil do theaghlaigh an Lucht Siúil a bhíonn i láthair fad is a bhíonn na hócáidí seo ar siúl a fháil amach. Táthar ag súil, le cabhair ón Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil, go bhféadfar ócáid mhór amháin a roghnú sa bhliain 2009 ina treoir-láithreán chun saoráidí neamhbhuana gearrthéarmacha a chur ar fáil inti. Moladh chomh maith ar mhaithe le cur le heolas an ghrúpa oibre faoin staid go díreach mar atá go bhféadfadh baill a bheith i láthair ag ócáid amháin nó níos mó ná ócáid amháin le linn na bliana 2009.2009.

8. Grúpa Oibre Comhairleach

Cuireadh an grúpa oibre seo ar a bhonna arís faoin gCoiste nua. Thionóil an grúpa líon áirithe de chruinnithe sa bhliain 2008 agus lean siad leis an obair chun múnla comhairliúcháin a chur i dtoll a chéile. Cuireadh dréachtmhúnla comhairliúcháin faoi bhráid an Choiste agus tar éis plé agus mionleasú amháin d'fhaomh an Coiste an múnla ag an gcruinniú ar an 30ú Aibreán. "Treoirlínte Comhairliúcháin maidir le Tionscadail Sainchóiríochta don Lucht Siúil" an teideal a tugadh ar an múnla comhairliúcháin seo agus eisíodh iad ar gach údarás áitiúil faoi lógó an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil i mBealtaine na bliana 2008.

Ceapadh na treoirlínte lena n-úsáid ag údaráis áitiúla ag gach céim de thógáil nó d'athchóiriú sainchóiríochta don Lucht Siúil. Leagtar sásra comhairliúcháin amach sna Treoirlínte ón mbundearadh go dtí áitíocht dheiridh an láithreáin lena n-áirítear faomhadh a bheith faighte ó na comhpháirtithe go léir ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Ba chóir gur uirlis fhiúntach a bheidh sna Treoirlínte seo d'údaráis áitiúla agus ba chóir go gcinnteodh siad chomh maith gur mó an t-ionchur a bheidh ag an Lucht Siúil maidir leis na riachtanais chóiríochta a sholáthrófar dóibh sa todhchaí. Táthar ag súil go ndéanfar monatóireacht ar úsáid na dTreoirlínte seo sa todhchaí.

9. Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil

Rinneadh an Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil ar an 28 Samhain 2008. Tugtar sonraí an Chomhairimh in Aguisín II. Tugtar achoimre sa tábla ar an leathanach a leanas (Tábla 1) ar chóiríocht teaghlach den Lucht Siúil faoi mar a bhí i ndeireadh na bliana 2008.

Tábla 1
An Líon Teaghlach den Lucht Siúil – Samhain 2008

	An Líon Teaghlach i	2008	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-thithíocht (lena n-áirítear Tithíocht Dheonach)	3,330	39.65
(b)	Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	1,516	18.05
(c)	Grúpthithíocht	691	8.23
(d)	Cuasa ar Láithreáin Bhuana Stad	574	6.83
(e)	Láithreáin Neamhúdaraithe	524	6.24
(f)	Acmhainní Féin	513	6.11
(g)	Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla	444	5.29
(h)	Tithíocht Roinnte (catagóirí a, b, c, f, g)	345	4.11
(i)	Cuasa le Seirbhísí Bunúsacha / Cuasa ar Láithreáin Neamhbhuana Stad[5]	307	3.66
(j)	Cuasa Roinnte ar Láithreáin Bhuana Stad	112	1.33
(k)	Cuasa Roinnte agus Seirbhísí Bunúsacha orthu/ Cuasa Roinnte ar Láithreáin Neamhbhuana Stad	42	0.50
	Iomlán	**8,398**	**100%**

[5] Áirítear Cuasa sealadacha agus éigeandála ar láithreáin stad leis na Cuasa a bhfuil Seirbhísí Bunúsacha orthu.

Airgeadas

Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a ghlanann costais oibriúcháin an Choiste go hiomlán.

Thabhaigh an Coiste €27,525 de chaiteachas sa bhliain 2008. (Ba €13,894 suim an chaiteachais don bhliain 2007).

Bruach na Rós, Cora Droma Rúisc, Liatroim

Aguisín I
Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2008

Láithreáin Stad a Críochnaíodh sa bhliain 2008

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas					
		Nua			Athchóirithe / Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	Ráth Michíl				1		
Comhairle Contae Liatroma	Bruach na Rós				6		
Comhairle Cathrach Luimnigh	Bóthar Childers				9		
Comhairle Cathrach Luimnigh	New Crescent, Bóthar Childers				1		
Comhairle Contae Mhuineacháin	Gort an Chaocháin	12			8		
Comhairle Contae Shligigh	Buaile Fraoigh				6		
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Chiseog	10					
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Páirc Uí Loingsigh	9					
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Uí Loingsigh			3			
Comhairle Contae na hIarmhí	Páirc Naomh Micheál	8	5				
Iomlán		**39**	**5**	**3**	**31**	**0**	**0**

Cuasa Láithreán Stad Críochnaithe (Mion-athchóiriú) ar an 31/12/2008

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas					
		Nua			Athchóirithe / Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Chorcaí (Corcaigh Thiar)	Cnoc an Bhacaigh, Droichead na Bandan				1		
Comhairle Contae Dhún na nGall	Baile an tSratha				5		
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	Bóthar Ros Cré				8		
Comhairle Baile Bhiorra	Bóthar Chruacháin				6		
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Baile an Mhealláin				1		
Comhairle Baile Thiobraid Árann	Bóthar an Locha			3			
Iomlán		**0**	**0**	**3**	**21**	**0**	**0**

Cuasa Láithreán Stad á dtógáil ar an 31/12/2008

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas					
		Nua			Athchóirithe / Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	Páirc Chill Tuca, Seanchill				5		
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Ceathrú an Bhrúnaigh				20		
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	An Cnoc Buí, Caiseal	6					
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Lota Waller, Caiseal	2					
Iomlán		**8**	**0**	**0**	**25**	**0**	**0**

Scéimeanna Grúpthithíochta críochnaithe sa bhliain 2008

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas	
		Nua	Athchóirithe / Athdhéanta
Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe	Rings Field	2	
Comhairle Contae an Chláir	Ashline, Inis	2	4
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	Teampall Brianaid, Cloich na Coillte		1
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	Cnoc an Phónaire, Cloich na Coillte		1
Comhairle Contae Dhún na nGall	Bóthar an Choillín (Cuid 2)	2	
Comhairle Chontae na Gaillimhe	Baile Dháith, Baile Átha an Rí	3	
Comhairle Chontae na Gaillimhe	Bóthar Chluain Laighean		1
Comhairle Contae Chill Dara	Ardrew, Baile Átha Í	6	
Comhairle Contae Liatroma	Bruach na Rós	8	
Comhairle Contae Luimnigh	Faiche an Aonaigh, Ráth Caola		1
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Bóthar an Phortaigh, Baile an Róba	3	2
Comhairle Contae na Mí	Alexandereid		2
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Chiseog	10	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Páirc Uí Loingsigh	10	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána an Tae	7	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Baile an Iúir	1	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Baile an Iúir	1	
Comh. Baile an Teampaill Mhóir	Quarry Road	3	
Comh. Baile an Teampaill Mhóir	Ascaill an Léisigh		1
Comh. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach Céim 2	2	
Comhairle Contae Loch Garman	McClure Meadows	1	
Comhairle Contae Loch Garman	Fearann Uí Éalaí	1	
Comhairle Contae Loch Garman	Milehouse Road		1
Comhairle Contae Loch Garman	Bun Clóidí	1	
Iomlán		**63**	**14**

Scéimeanna Grúpthithíochta críochnaithe (Mion-athchóiriú) ar an 31/12/2008

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas	
		Nua	Athchóirithe / Athdhéanta
Comhairle Contae Cheatharlach	Corrán Naomh Cillian		1
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Uí Chiarnáin		1
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	Tulaigh Naosca, Cloich na Coillte		1
Comhairle Contae Luimnigh	Deel Court, Ráth Caola		1
Comhairle Contae na Mí	Faiche an Réisc		1
Comhairle Contae na Mí	Sruthán na Fuinseoige		2
Comhairle Contae na Mí	Claremont		1
Comhairle Contae Loch Garman	Páirc an Chanónaigh Uí Mhurchú		1
Comhairle Contae Loch Garman	Pike View, Barnstown		1
Comhairle Contae Loch Garman	Ardenagh Great, Baile Uí Mhitigh		1
Iomlán		**0**	**11**

Scéimeanna Grúpthithíochta á dtógáil ar an 31/12/2008

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas	
		Nua	Athchóirithe / Athdhéanta
Comhairle Contae an Chláir	Cnoc an Éin, Inis	6	
Comhairle Contae an Chláir	Gleann Thuaidh, Inis Díomáin	6	
Comhairle Contae an Chláir	Baile Mhic Cráibhín, Inis Díomáin	6	
Comhairle Contae Fhine Gall	Steach Comhghaill, Lána Bhaiscín	10	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Stoicín	10	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Bhoth Fhuar	8	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Lota Waller, Caiseal	2	
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Cooldross Close		6
Iomlán		**48**	**6**

Tithíocht Aon-Uaire ceannaithe sa bhliain 2008

Údarás Áitiúil	Láthair	
Comhairle Contae Dhún na nGall	Tamhnach an tSalainn	1
Comhairle Contae Dhún na nGall	Raymoghey, Máinéar Uí Chuinneagáin	1
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Bóthar Bhóthar na gCloch	1
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Baile an Aba, Fionnghlas	1
Comhairle Chontae na Gaillimhe	Bóthar Átha Cliath, Tuaim	1
Comhairle Chontae na Gaillimhe	Lissadyra, Tuaim	1
Comhairle Contae na Mí	Bóthar an Agaird Nua, Baile Átha Troim	1
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Ard na Gréine	1
Comhaile Contae Shligigh	Cluain Ciabhaigh, Baile an Mhóta	1
Iomlán		**9**

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh

Údarás Áitiúil	Cóiríocht											
	Gnáth-Tithíocht an Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht an Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla		
	1			2			3			4		
	2006	2007	2008	2006	2007	2008	2006	2007	2008	2006	2007	2008
Ceatharlach	40	43	45	12	11	10	13	13	14	3	2	2
An Cabhán	26	25	40	23	23	23	0	0	0	0	0	0
An Clár	38	39	50	30	30	30	28	29	30	6	6	5
Corcaigh (Cathair)	133	137	145	9	9	9	20	20	20	0	0	0
Corcaigh (Contae)	113	130	144	16	16	16	11	13	13	2	1	1
Dún na nGall	108	114	125	12	12	12	0	0	0	0	0	0
BÁC (Cathair)	144	177	185	182	154	146	1	1	1	5	5	5
Dún Laoghaire/Rath	43	31	32	21	27	25	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	63	64	75	45	45	45	0	0	0	1	1	3
Gaillimh (Cathair)	183	182	193	26	26	26	10	11	11	2	2	3
Gaillimh (Contae)	242	242	236	49	51	53	43	56	45	6	5	6
Ciarraí	132	117	112	0	0	0	70	40	45	1	1	1
Cill Dara	37	44	49	7	7	7	0	1	0	0	1	2
Cill Chainnigh	38	38	41	5	8	8	12	13	14	4	4	1
Laois	67	72	75	4	4	3	10	11	11	2	3	2
Liatroim	2	3	7	5	8	13	0	1	0	0	0	0
Luimneach (Cathair)	3	4	3	9	9	10	2	3	2	0	0	0
Luimneach (Contae)	158	171	173	16	16	17	30	30	34	0	0	0
An Longfort	207	217	241	0	0	0	16	13	13	4	4	4
Lú	146	156	166	20	20	20	34	40	43	9	10	13
Maigh Eo	116	112	100	7	7	10	16	30	32	8	7	8
An Mhí	59	67	72	29	29	24	0	0	0	15	15	15
Muineachán	52	60	61	0	0	0	18	18	19	2	3	3
Uíbh Fhailí	67	72	80	0	4	4	23	22	21	5	7	9
Ros Comáin	15	16	18	9	17	17	4	4	0	0	0	0
Sligeach	32	22	26	0	0	0	0	0	0	3	3	5
Áth Cliath Theas	158	185	177	43	68	75	9	9	10	0	0	7
TÁ Thuaidh	88	88	90	9	9	12	4	4	4	0	0	2
TÁ Theas	52	48	52	11	12	13	5	5	6	2	3	4
Port Láirge (Cathair)	96	70	59	0	3	6	0	0	0	14	12	11
Port Láirge (Contae)	8	9	5	0	0	0	1	1	0	1	1	0
An Iarmhí	75	86	90	6	6	5	28	29	29	0	0	0
Loch Garman	122	133	145	25	34	40	22	24	23	8	7	7
Cill Mhantáin	78	97	99	12	12	12	3	3	4	1	1	0
IOMLÁIN	**2,941**	**3,071**	**3,211**	**642**	**677**	**691**	**433**	**444**	**444**	**104**	**104**	**119**

Lucht Siúil sa bhliain 2007

				Iomlán						Iomlán		
Láithreáin Stad na nÚdarás Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Lthreáin Neamhúdaraithe			
5			6			7			8			
2006	2007	2008	2006	2007	2008	2006	2007	2008	2006	2007	2008	
5	5	4	73	74	75	6	3	2	79	77	77	
0	0	0	49	48	63	1	1	1	50	49	64	
35	38	22	137	142	137	15	7	3	152	149	140	
64	67	62	226	233	236	12	16	10	238	249	246	
16	17	17	158	177	191	40	35	33	198	212	224	
16	15	9	136	141	146	0	4	0	136	145	146	
119	104	100	451	441	437	70	46	64	521	487	501	
27	29	28	91	87	85	5	3	0	96	90	85	
81	99	93	190	209	216	66	74	42	256	283	258	
37	43	58	258	264	291	1	4	14	259	268	305	
24	20	11	364	374	351	33	33	30	397	407	381	
24	25	22	227	183	180	9	8	9	236	191	189	
31	29	21	75	82	79	10	16	17	85	98	96	
10	9	13	69	72	77	14	23	16	83	95	93	
6	8	1	89	98	92	8	10	6	97	108	98	
27	20	16	34	32	36	0	0	0	34	32	36	
52	57	67	66	73	82	1	0	3	67	73	85	
20	74	21	224	291	245	53	31	35	277	322	280	
9	3	4	236	237	262	10	2	1	246	239	263	
12	13	5	221	239	247	8	6	4	229	245	251	
5	6	6	152	162	156	27	28	28	179	190	184	
48	48	47	151	159	158	6	6	12	157	165	170	
11	10	11	83	91	94	0	2	3	83	93	97	
55	52	42	150	157	156	25	23	34	175	180	190	
27	20	17	55	57	52	5	7	6	60	64	58	
36	40	28	71	65	59	14	10	9	85	75	68	
184	155	139	394	417	408	19	7	10	413	424	418	
19	18	20	120	119	128	26	30	28	146	149	156	
16	11	12	86	79	87	21	24	13	107	103	100	
13	21	17	123	106	93	17	12	0	140	118	93	
10	6	5	20	17	10	9	10	3	29	27	13	
42	34	71	151	155	195	0	3	0	151	158	195	
19	15	9	196	213	224	71	84	72	267	297	296	
31	29	37	125	142	152	27	26	16	152	168	168	
1,131	**1,140**	**1,035**	**5,251**	**5,436**	**5,500**	**629**	**594**	**524**	**5,880**	**6,030**	**6,024**	

Líon Iomlán Measta de Theaghlaigh Lucht Siúil i ngach Catagóir Cóiríochta sa bhliain 2007

Údarás Áitiúil	Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní Féin (Measta.)	Phríobh-áideach Ar Cíos (Measta.)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Lch. 21, Colún 6	Ó Lch. 21, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	75	2	14	20	17	**128**
An Cabhán	63	1	0	27	5	**96**
An Clár	137	3	2	51	6	**199**
Corcaigh (Cathair)	236	10	2	25	15	**288**
Corcaigh (Contae)	191	33	12	59	43	**338**
Dún na nGall	146	0	0	81	2	**229**
BÁC (Cathair)	437	64	0	19	31	**551**
Dún Laogh-Ráth	85	0	0	18	7	**110**
Fine Gall	216	42	0	77	7	**342**
Gaillimh (Cathair)	291	14	2	120	26	**453**
Gaillimh (Contae)	351`	30	10	89	16	**496**
Ciarraí	180	9	18	49	9	**265**
Cill Dara	79	17	21	31	2	**150**
Cill Chainnigh	77	16	6	23	0	**122**
Laois	92	6	1	33	0	**132**
Liatroim	36	0	0	26	3	**65**
Luimneach (Cathair)	82	3	0	9	3	**97**
Luimneach (Contae)	245	35	100	20	4	**404**
An Longfort	262	1	27	50	10	**350**
Lú	247	4	33	90	11	**385**
Maigh Eo	156	28	4	130	7	**325**
An Mhí	158	12	0	61	7	**238**
Muineachán	94	3	0	16	11	**124**
TÁ Thuaidh	128	28	1	11	5	**173**
Uíbh Fhailí	156	34	5	62	3	**260**
Ros Comáin	52	6	1	29	11	**99**
Sligeach	59	9	0	20	3	**91**
Áth Cliath Theas	408	10	25	79	8	**530**
TÁ Theas	87	13	7	11	11	**129**
Port Láirge (Cathair)	93	0	25	33	9	**160**
Port Láirge (Contae)	10	3	0	3	1	**17**
An Iarmhí	195	0	75	36	15	**321**
Loch Garman	224	72	118	75	34	**523**
Cill Mhantáin	152	16	4	33	3	**208**
Iomlán	**5,500**	**524**	**513**	**1,516**	**345**	**8,398**

Bóthar an Choillín, Dún na nGall

Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh - Seasamh mar atá 28 Samhain 2008

Cóiríocht iomlán curtha ar fáil ag nó le cúnamh ó Údaráis Áitiúla agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 6,024



Láithreáin Stad Údaraithe le seirbhísí – 2008

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin neamhúdaraithe – 2008

Líon na dTeaghlach



Cóiríocht curtha ar Fáil / Láithreáin Neamhúdaraithe (Líon Teaghlach)

Gnáth-thithíocht



Grúpthithíoch



Láithreáin Stad



Laithreáin Neamhúdaraithe